



TREORACHA CHUN EIPEALÁR CRITH TALÚN IN ÉIRINN A AIMSÍÚ

Cuspóir:

Chun eipealár crith talún in Éirinn a aimsiú ag úsáid na sonraí ar ghluaiseachtaí seismeacha taifeadta ó stáisiúin seismeaméadar Raspberry Shake in Éirinn. Is seismeaméadair bheaga iad seo a thaifeadann gluaiseacht talún agus a úsáidtear chun comharthaí mar chrith talún a phiocadh suas.

Ábhar a theastaíonn:

- Bileog oibre dar teideal ‘Crith Talún Éireannach 06-Bealtaine-2023’ – seo na sonraí ar ghluaiseachtaí seismeach ó thrí stáisiún seismeaméadar Raspberry Shake in Éirinn (ROFFO, RBE6A, RF7A3)
- Bileog oibre leis an léarscáil d’Éirinn agus stáisiúin Raspberry Shake (ROFFO, RBE6A, RF7A3) léiríthe air.
- Bileog oibre dar teideal ‘Tábla Oibreacha’
- Peann luaidhe nó peann
- Rialóir
- Compás
- Áireamhán

Céimeanna le leanacht:

Céim 1: Féach ar an mbileog dar teideal ‘Crith Talún Éireannach 06-Bealtaine-2023’. Taispeánann sé seo tonnta seismeacha de chrith talún a taifeadadh ag trí stáisiún éagsúla Raspberry Shake in Éirinn.

Céim 2: Roghnaigh an áit ag a gceapann tú a dtosaíonn an P-thonn ar stáisiún ROFFO (áit a dtosaíonn tú ag feiceáil athrú in amlíne), le do rialóir tarraing líne síos ón bpointe seo. Scríobh síos an t-am seo i soicindí go dtí an pointe deachúla is gaire sa ‘tábla oibre’ a chuirtear ar fáil. Ansin, roghnaigh an áit a gceapann tú a dtosaíonn tú ag feiceáil an S-thonn, scríobh an t-am seo i soicindí go dtí an pointe deachúla is gaire sa ‘tábla oibre’ a chuirtear ar fáil.

Céim 3: Sa tábla oibre, bain an t-am do na P-thonnta agus na S-thonnta óna chéile (S-P) chun an difríocht ama i soicindí a fháil.

Céim 4: Sa tábla oibre, iolraigh an t-am seo faoi 8 (is fachtóir iolraithe é seo a thagann ó meán-luasanna P agus S-thonn d’Éirinn). Ansin roinn an uimhir seo faoi 33 (is é seo an fachtóir scála den léarscáil mar 1cm=33km). Tugann sé seo duit an fad ón stáisiún go dtí an crith talún i cm ar an léarscáil.

Céim 5: Ag úsáid rialóir agus compás cuir an pointe biorach ag 0cm agus oscail é go dtí an fad atá agat ó Chéim 4 thuas feadh fad an rialóra.

Céim 6: Ardaigh do chompás go réidh ón rialóir agus tabhair é go dtí an léarscáil. Aimsigh stáisiún ROFFO. Cuir pointe do chompáis ar an gciorcal bán taobh istigh den íomhá de shú craobh agus tarraing ciorcal ón bpointe seo.

Céim 7: Déan céimeanna 5 agus 6 arís do Stáisiúin RBE6A agus RF7A3.



TÁBLA OIBRE



Stáisiún	P-Thonn (i soicindí)	S-Thonn (i soicindí)	Difríocht san am (S-P)	Iolraigh X8	Fad ón gCrith Talún go Stáisiún (i km)	Roinn ar 33 (÷ 33)	Fad ar léarscáil [cm]
ROFFO				X8		÷ 33	
RBE6A				X8		÷ 33	
RF7A3				X8		÷ 33	



TREORACHA CHUN EIPEALÁR CRITH TALÚN IN ÉIRINN A AIMSÍÚ

Nuair atá na 3 chiorcal tarraingthe, ba cheart go mbeidh tú abalta áit a fheiceáil a bhfuil na 3 chiorcal beagnach ag bualadh a cheile. Go garbh, seo an áit ina bhféadfadh eipealár na creatha talún a bheith.

Má tá an ceacht críochnaithe is feidir leat tosú ag smaoineamh ar na ceisteanna seo a leanas:

1. *Cén contae ina bhfuil na ciorcail ag trasnú a chéile??*

2. *Cen fáth nach mbeadh gach ciorcal ag trasnú a chéile ag pointe éigin?*

3. *Cé mhéad stáisiún atá ag teastáil chun an crith talún a aimsiú go cruinn??*

4. *Cé chomh cruinn a bhí na roghanna a rinne tú agus tú ag roghnú na tonnta P agus S?*

5. *An bhfuil na carraigeacha in Éirinn go léir den comhdhéanamh céanna?*

6. *An pointe iad creatheanna talún?*

Crith Talún Éireannach 06-Bealtaine-2023



